15 Bealtaine 2019

Eisíodh cinneadh don iarratas um Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta d'fhorbairt de chóiríocht do mhic léinn ag Avid Technology International, Bóthar Halla na gCarraeirí, Eastát Tionsclaíochta Áth an Ghainimh, BÁC 18.

Tagairt Cháis: ABP-303467-19

Cheadaigh An Bord Pleanála iarratas ar fhorbairt bheartaithe de 817 spás leapa do mhic léinn.

Cuireadh an iarratas chuig an mBord Pleanála ar an 14 Eanáir 2019 agus rinneadh cinneadh air ar an 30 Aibreán 2019. Bhí tréimhse comhairliúcháin phoiblí san áireamh sa phróiseas iarratais agus lean sé críochnú comhairliúcháin réamhiarratas leis an mBord Pleanála agus an údarás áitiúil oiriúnach.

Tá na príomhcháipéisí maidir le cinneadh an Bhoird (Ordú Boird, Treoir an Bhoird, Tuairisc an Chigire) ar fáil ar an leathanach cáis ag an nasc seo a leanas:

- Leathanach cáis d'ABP-303467-19

Is féidir eolas d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta a fháil ag www.pleanála.ie. Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le bord@pleanala.ie le do thoil.

Féadfaidh aon duine bailíocht chinneadh an Bhoird a cheistiú trí iarratas ar athbhreithniú, faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986) de réir Alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Tá fáil ar fhaisnéis phraiticiúil ar an meicníocht athbhreithnithe faoin gceannteideal Eolas faoi chásanna – Fógra faoi Athbhreithniú Breithiúnach ar shuíomh an Bhoird www.pleanala.ie nó ar shuíomh gréasáin Faisnéis do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie .